# Vóta 31 Talmhaíocht, Bia agus Mara

# Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31 Cuntas Leithghabhála an Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011, de réir an cheanglais sin, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna gcur i bhfeidhm ag an Oifig sin, agus ag Coimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta a íoc.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2011, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

**Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta i bhfeidhm chun na Cuntais Leithreasa a tháirgeadh mar chuid d'ullmhú an Chuntais, ach amháin na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Déantar sceideal a chothabháil de gach píosa talún agus de gach foirgneamh a riartar ag an Roinn. Ós rud é nach bhfuil luacháil ar fáil don réadmhaoin seo ar fad, áfach, ní chuirtear san áireamh iad i ráiteas na sócmhainní caipitil (Nóta 2.1).

***Dímheas***

Dímheastar an Córas Aitheantais agus Gluaiseachtaí Ainmhithe (AIM) ag 10%. Dímheastar gach sócmhainn caipitil ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta, ag tosú ón mí ina gcuirtear i seirbhís iad.

**Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmhéanaigh**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá roinnt sásraí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar a bhainistiú airgeadais agus ar a chórais rialaithe. Áirítear orthu sin a Ghrúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Choiste Iniúchta agus a Choiste Bhainistiú Riosca.

Déanann an Coiste Athbhreithnithe Creidiúnaithe, faoi chathaoireacht an Ard-Rúnaí, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir leis na riachtanais creidiúnaithe arna leagan amach ag rialachán i ndáil le gníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne, ina bhfuil cúigear comhaltaí seachtracha, athbhreithniú agus monatóireacht ar phlean oibre an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh agus tugann tuairisc bhliantúil don Aire agus don Ard-Rúnaí maidir lena chur i bhfeidhm. Tá an Roinn faoi réir ag raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag comhlacht deimhnithe neamhspleách - gnólacht cuntasaíochta gairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúila EAGF agus EAFRD. Chuir an tArd-Rúnaí Ráiteas Urrúis ar fáil don chomhlacht deimhnithe i ndáil le cuntais bhliantúla an AE mar a éilíonn Rialachán ón gComhairle 1290/2005. Bhí an Roinn faoi réir tuairim is 2,800 daonlaethanta iniúchta ag na comhlachtaí sin i 2011.

Déanann an Coiste Bhainistiú Riosca, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí chomh maith, monatóireacht ar fheidhmiú chlár Bhainistiú Riosca na Roinne. Is é aidhm foriomlán an chláir na príomhriosca a aithint (ó thaobh straitéise, oibriúcháin, airgeadais agus clú) atá os comhair na Roinne maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus chun bearta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a leagan amach. Déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach. Bhí an clár ag feidhmiú go sásúil i 2011 agus tionóladh cruinnithe an Choiste Bainistithe Riosca i mí Feabhra, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair.

Bhí an Roinn rannpháirteach i dtionscadal píolótach na Roinne Airgeadais maidir le Buiséadú Feidhmíochta. I measc aidhmeanna an tionscadail tá forbairt ar tháscairí feidhmíochta feabhsaithe chomh maith le hathstruchtúrú beartaithe ar Vóta na Roinne ar bhonn cláir straitéise. Tháinig feidhm leis an Roinn agus leis an Grúpa Airgeadais Vótaí i 2011 agus foilsíodh a meastacháin faoi seach san fhormáid Vóta nua mar aon le sonraí neamhairgeadais. Ina theannta sin, tá tús curtha ag an Roinn le hobair ullmhúcháin ar chreat tomhais feidhmíochta feabhsaithe agus ar mhodheolaíocht costasaithe d'oibríochtaí scéime a fhorbairt.

Tá an Roinn tiomanta go láidir a córais faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a choinneáil slán, córais a ndéantar athbhreithniú neamhspleách orthu chomh maith. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe ar bun i ndáil leis na sonraí ríthábhachtacha go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála lasmuigh den láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála TF tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach ó thaobh polasaithe slándála TF a fhorbairt agus a chur chun cinn. Bíonn socruithe slándála TFC faoi réir ag athbhreithniú ag rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Ina theannta sin, bíonn an Roinn, ina ról mar Ghníomhaireacht Íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistiú riosca ó thaobh ríomhairí. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe, roghnaigh an Roinn glacadh le caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándáil Faisnéise, mar bhunús dá slándáil TF.

Déantar riachtanais oiliúna a aithint go leanúnach, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú airgeadais. Tá modúl ar bhainistiú airgeadais san oiliúint ionduchtúcháin. Chomh maith leis sin, tá ábhar oiliúna inmheánach ar fáil le húsáid i mbainistiú feidhmíochta agus táscairí, buiséadú, pleanáil agus tuairisciú bainistithe. Déantar athbhreithniú agus leasú rialta ar an lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais chun aon fhorbairtí nua a chuimsiú. Tá an lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais ar fáil ar líne do gach ball foirne sa Roinn agus cuirtear ar fáil é lena úsáid i gcúrsaí oiliúna.

**Tom Moran**<br>
Oifigeach Cuntasaíochta<br>
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>
29 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 30: Talmhaíocht, Bia agus Mara le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithresa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Méan Fomhair 2012

# Vóta 31 Talmhaíocht, Bia agus Mara
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A. | Trádáil, forbairt agus polasaí agraibhia | 383,642 | 344,085 | 317,483 |
| B. | Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 317,130 | 256,627 | 266,887 |
| C. | Geilleagar agus timpeallacht tuaithe | 647,885 | 535,504 | 869,499 |
| D. | Seirbhísí agus scéimeanna cliant-dírithe a sheachadadh go héifeachtach | 298,850 | 285,064 | 277,262 |
| | **Ollchaiteachas** | **1,647,507** | **1,421,280** | **1,731,131** |
| E. | **Bain de Leithreasaí-i-gcabhair** | **373,892** | **429,883** | **401,374** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,273,615** | **991,397** | **1,329,757** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | **€282,217,298** | **€72,660,997** |
| | **Géilleadh iarchurtha** | | **€26,900,000** | **—** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€255,317,298** | **€72,660,997** |

| Riarachán | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 188,675 | 189,817 | 194,938 |
| (ii) | Taisteal agus cothú | 8,994 | 7,885 | 8,312 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 9,086 | 4,723 | 5,770 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 6,142 | 4,653 | 5,088 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 20,213 | 17,778 | 17,470 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 7,300 | 6,166 | 6,306 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 136 | 14 | 8 |
| (viii) | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | 658 | 588 | 569 |
| (ix) | Trealamh saotharlainne | 6,230 | 5,738 | 5,426 |
| | *Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe* | — | — | *93* |
| | | **247,434** | **237,362** | **243,980** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas cláir | | | 1,183,918 | 1,487,151 |
| Pá | | | 189,817 | 194,938 |
| Caiteachas eile | | | 47,545 | 49,042 |
| **Ollchaiteachas** | | | 1,421,280 | 1,731,131 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 429,883 | 401,374 |
| **Glanchaiteachas** | | | 991,397 | 1,329,757 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (3,721) | | |
| Dímheas | | 8,035 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 3 | 4,317 | 12,026 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | —- | (5,403) |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (19,062) | | |
| Méadú ar stoc | | (107) | | |
| | | | (19,169) | (259,186) |
| **Caiteachas díreach** | | | 976,545 | 1,077,194 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 64,424 | 60,765 |
| Measchíosanna | | | 7,215 | 11,021 |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | | **1,048,184** | **1,148,980** |

### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 31 a tabhaíodh in áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 56,340 | 49,762 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,514 | 2,583 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,174 | 8,011 |
| 20 | An Garda Síochána | 69 | 207 |
| | An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl | 327 | 202 |
| | | **64,424** | **60,765** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 17,724 | 22,041 |
| | | **17,724** | **22,041** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 118,044 | 60,967 |
| Stoic | 2.3 | 4,309 | 4,202 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,518 | 2,017 |
| Ioncam fabhraithe | | 129,339 | 170,391 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 2,111 | 3,132 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **255,321** | **240,709** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,578 | 68,192 |
| Ioncam iarchurtha | | 4 | 3 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 44,042 | 67,036 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 76,113 | (2,937) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **127,737** | **132,294** |
| **Glandliteanais reatha** | | **127,584** | **108,415** |
| **Glandliteanais** | | **145,308** | **130,456** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **145,308** | **130,456** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige/ fearais eile €000 | Troscán agus feistin €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 215,033 | 13,894 | 228,927 |
| Breiseanna | 3,618 | 103 | 3,721 |
| Diúscairtí | (931) | —- | (931) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | 217,720 | 13,997 | 231,717 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 195,190 | 11,696 | 206,886 |
| Dímheas don bhliain | 7,641 | 394 | 8,035 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (928) | —- | (928) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011 | 201,903 | 12,090 | 213,993 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **15,817** | **1,907** | **17,724** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | **19,843** | **2,198** | **22,041** |

Nótaí

1. Faoi mar a thugtar le fios san Intreoir, ní chuirtear talamh agus foirgnimh san áireamh.

2. Bhí 431 heicteár talaimh neamhthalmhaíochta ar láimh ag an Aire, mar chomharba ar Choimisiún Talún na hÉireann, amhail an 31 Nollaig 2011.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 123,983 | 73,102 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (5,939) | (12,135) |
| | 118,044 | 60,967 |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 287 | 293 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 103 | 100 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 180 | 94 |
| Soláthairtí tréidliachta | 3,254 | 3,180 |
| Beostoc | 302 | 325 |
| Stoc talmhaíochta | 104 | 124 |
| Míreanna sábháilteachta agus soláthairtí gharchabhracha | 36 | 38 |
| Soláthairtí glantacháin | 7 | 7 |
| Stoic ola | 36 | 41 |
| | 4,309 | 4,202 |

## 2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Óinchistí agus costais taistil in-aisíoctha | 232 | 380 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna pinsin in-aisíoctha de chuid na Roinne Airgeadais | 594 | 1,985 |
| Airleacain chuig OOP | 1,109 | 508 |
| Dlite ó Údaráis Áitiúla maidir le forbairt chuain | 131 | 181 |
| Eile | 45 | 78 |
| | 2,111 | 3,132 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 598 | 678 |
| Cáin Bhreisluacha | 761 | 869 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 168 | 37 |
| Aoisliúntas | 473 | 494 |
| CBL idirghabhála | (29) | (75) |
| Cáin Ioncaim | 3,365 | 3,270 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,189 | 1,033 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an státchiste | —- | 2 |
| | 6,525 | 6,308 |
| | | |
| Urrúis | 343 | 810 |
| Díolacháin/ tobhaigh chuóta bainne | 422 | 438 |
| Cistí Bord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí | 642 | 642 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 2,205 | 2,231 |
| Airleacain AE | 32,176 | 54,099 |
| Ilghnéitheach | 1,729 | 2,508 |
| | 44,042 | 67,036 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 255,317 | 72,661 |
| Géilleadh iarchurtha | 26,900 | —- |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (206,104) | (75,598) |
| Glandliteanas ón Státchiste | 76,113 | (2,937) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 118,044 | 60,967 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 2,111 | 3,132 |
| | 120,155 | 64,099 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,525) | (6,308) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (37,517) | (60,728) |
| | (44,042) | (67,036) |
| | | |
| | 76,113 | (2,937) |

| **2.7 Ceangaltais**<br>amhail an 31 Nollaig | **Dlite go 2012 €000** | **Blianta dar gcionn €000** | **Iomlán 2011 €000** | **Iomlán 2010 €000** |
|---|---|---|---|---|
| **(a) Soláthar** | 7,054 | 2,398 | 9,452 | 6,037 |
| **(b) Deontais** | | | | |
| Deontais infheistíochta caipitil | 23,000 | 80,000 | 103,000 | 124,250 |
| Forbairt chuain iascaireachta agus infrastructúir chóstaigh | 152 | —- | 152 | —- |
| Taighde bia | 15,697 | 17,361 | 33,058 | 48,203 |
| Foraoiseacht | 99,666 | 684,795 | 784,461 | 772,167 |
| Bithfhuinneamh | 293 | —- | 293 | 565 |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | 11,449 | 43,400 | 54,849 | 55,043 |
| Scéim Fheabhsaithe Fheirmeacha | 22,858 | 56,830 | 79,688 | 11,000 |
| Scéim Luathscoir | 24,000 | 69,840 | 93,840 | 128,540 |
| An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath | 184,614 | 311,877 | 496,491 | 993,374 |
| AEOS | 58,000 | 224,100 | 282,100 | —- |
| Scéim Ghairneoireachta | 225 | —- | 225 | 399 |
| Póiriú eachaí | 1,676 | —- | 1,676 | 1,272 |
| An tÚdarás um Thógáil Eallaigh | 884 | —- | 884 | —- |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 500 | 500 | 1,000 | —- |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 450,068 | 1,491,101 | 1,941,169 | 2,140,850 |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **Trádáil, Forbairt agus Polasaí Agraibhia** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 15,085 | 15,176 | 15,572 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 4,325 | 3,417 | 3,484 |
| A.3 | Taighde agus oiliúint | 35,695 | 35,190 | 35,455 |
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia | 44,500 | 20,361 | 25,846 |
| A.5 | Teagasc - deontas-i-gcabhair do speanais ghinearálta | 120,156 | 120,156 | 114,165 |
| A.6 | An Bord Bia - deontas-i-gcabhair do speanais ghinearálta | 28,392 | 27,637 | 28,491 |
| A.7 | Foras na Mara (deontas-i-gcabhair) | 24,200 | 24,123 | 24,227 |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara (deontas-i-gcabhair) | 16,738 | 16,738 | 17,425 |
| A.9 | Deonacháin chabhair bia -An Clár Domhanda Bia | 9,960 | 9,960 | 9,960 |
| A.10 | Seirbhísí eile | 27,301 | 14,037 | 16,382 |
| A.11 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna | 57,290 | 57,290 | 26,476 |
| | | **383,642** | **344,085** | **317,483** |
| **B** | **Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 105,231 | 105,868 | 108,726 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 35,984 | 29,455 | 29,752 |
| B.3 | Sábháillteacht bia (agus sláionte poiblí), sláinte agsu leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 175,730 | 121,212 | 128,281 |
| B.4 | Seirbhísí eile | 185 | 92 | 128 |
| | | **317,130** | **256,627** | **266,887** |
| **C** | **Geilleagar agus Timpeallacht Tuaithe** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 40,856 | 41,103 | 42,223 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | 11,062 | 8,781 | 9,447 |
| C.3 | Timpeallacht tuaithe | 337,000 | 277,022 | 323,802 |
| C.4 | Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | 35,960 | 27,702 | 35,155 |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | 73,340 | 40,882 | 315,063 |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 119,820 | 116,459 | 120,612 |
| C.7 | Iascaigh | 17,838 | 12,648 | 10,616 |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 10,895 | 10,199 | 11,324 |
| C.9 | Seirbhísí eile | 1,114 | 708 | 1,257 |
| | | **647,885** | **535,504** | **869,499** |

| | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Seirbhísí agus luach saothair cliant-dírithe a sheachadadh go héifeachtach** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 27,503 | 27,670 | 28,416 |
| D.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 7,388 | 5,892 | 6,358 |
| D.3 | Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | 43,333 | 17,609 | 30,229 |
| D.4 | Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | 220,000 | 233,757 | 208,195 |
| D.5 | Seirbhísí eile | 626 | 136 | 4,064 |
| | | **298,850** | **285,064** | **277,262** |
| **Ollchaiteachas** | | | **1,421,280** | **1,731,131** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| A.4 | 24,139 | Chuir iarmhairt chur chun donais an gheilleagair le leibhéal infheistíochta a bhí níb'ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis i 2011 faoi Chistí Infheistithe Mhargaíochta agus Phróiseála réimsí na Déiríochta agus Mairteola/na hUaneola. |
| A.10 | 13,264 | D'eascair coigilteas ar speansais dlí mar gur socraíodh níos lú cásanna ná mar a bhí tuartha le linn na bliana. Níor seoladh an clár éifeachtúlachta mairteola a soláthraíodh faoin cheannteideal seo go dtí 2012. |
| B.3 | 54,518 | Rinneadh coigilteas ar dheireadh a chur le TB, le BSE agus le galair ainmhithe eile mar gheall ar an laghdú leanúnach ar an tarlú galair agus líon níos lú de bhriseadh amach galair rangú A le linn na bliana. Cuireadh isteach líon níos lú éileamh nár mar a bhíothas ag súil leis faoin scéim leasa bó diúil agus rinneadh coigilteas faoin scéim ainmhithe titithe de bharr an líon laghdaithe eallach a tugadh isteach i gcnioglanna. |
| C.3 | 59,978 | D'eascair an t-athraitheas ón meastachán de bharr nár phasáil roinnt iarratas faoin scéim rogha comhshaoil talmhaíochta agus faoin scéim cosanta comhshaoil tuaithe na seiceálacha riaracháin go léir atá riachtanach le haghaidh íocaíochta faoi rialachán an AE roimh dheireadh na bliana. |
| C.4 | 8,258 | Tharla an coigilteas de réir mar a cháiligh níos mó rannpháirtithe ná mar a bhí súil leis faoi na scéimeanna luathscoir don phinsean seanaoise náisiúnta in aois a 65 nó 66 bliain, agus laghdaíodh pinsean na scéime luathscoir faoin méid pinsin náisiúnta a íocadh. |

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| C.5 | 32,458 | Bhí an caiteachas faoi na scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta níos lú ná mar a bhí tuartha de bharr nár cuireadh i gcrích tionscadail a bhí ceadaithe le haghaidh deontas i gcabhair agus nár tarraingíodh anuas go hiomlán an maoiniú a bhí curtha ar fáil (tá dhá bhliain ag feirmeoirí oibreacha ceadaithe a chríochnú). Chomh maith leis sin, cuireadh na céimeanna ar fionraí go sealadach i Meitheamh 2011 agus eisíodh níos lú ceaduithe deontais mar thoradh air sin. |
| C.7 | 5,190 | Rinneadh an coigilteas faoi fhorbairt caipitil dobharshaothraithe go príomha de barr srianta leanúnacha ar thionscadail infheistíochta incháilithe a d'eascair as Uiscí Intíre a bheith ainmnithe ina limistéir chaomhantais speisialta agus ina limistéir faoi chosaint speisialta agus mar gheall ar dhobharshaothrú bradán a bheith eisithe. Rinneadh coigilteas freisin de bharr nach raibh oibreacha forbartha ag roinnt de na cuain éisc críochnaithe. |
| C.8 | 696 | Bhí suiteálacha córas de dhíth ag níos lú árthach ná mar a soláthraíodh sa mheastachán ar dtús de bharr maolú sa reachtaíocht. |
| C.9 | 406 | Bhí níos lú caiteachais faoi chúnamh teicniúil ná mar a bhí measta mar gheall ar shruthlíniú ar ghníomhaíochtaí faoin líonra náisiúnta tuaithe. |
| D.3 | 25,724 | Rinneadh coigilteas mar nár tugadh an líon iniúchtaí agus cásanna dícheadaithe féideartha a raibh súil leo chun críche faoi dheireadh na bliana agus nár tharla an aisíocaíocht leis an AE a bheadh mar thoradh air sin. |
| D.4 | (13,757) | Baineann an farasbarr go príomha leis an líon ard iarratas faoi scéim 2010 a bhí fós le híoc i 2011. |
| D.5 | 490 | Níor chomhlíon formhór na n-iarratas amuigh faoi choinníollacha na scéime cúitimh damáiste seaca do bharra 2010, agus rinneadh coigilteas dá bharr sin. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gCabhair | Fotheideal | 2011 Measta | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | 735 | 761 | 923 |
| 2. Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | 1 | 736 | 996 |
| 3. Aisíocaíochtaí ó thaillí do sheirbhísí cigireachta tréidliachta ag monarchana éanlaith agus táillí cigearachta feola | | 14,735 | 15,247 | 15,558 |
| 4. Fáltais ó tháillí cigearachta tréidliachta d'onnmhairthe beo | | 1,241 | 1,646 | 2,407 |
| 5. Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | | 5,000 | 5,685 | 4,929 |
| 6. Fáltais ó dhíol vaicsíní, beostoc, táirgí feirmeoireacha, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | B.3 | 970 | 1,277 | 1,412 |
| 7. Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó Fheirm Bhacastúin | A.3 | 1,666 | 1,698 | 1,851 |
| 8. Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an nGalar buaibheach a dhíothú | B.3 | 5,000 | 5,780 | 5,543 |
| 9. Fáltais ó Choimisiún na talún | | 346 | 410 | 506 |
| 10. Fáltais eile | | 200 | 2,652 | 846 |
| 11. Costais idirghábhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | D.3 | 1,261 | 1,056 | 1,675 |
| 12. Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc. | | 1 | 1,086 | 958 |
| 13. EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | C.3-C.5,D.4 | 300,000 | 346,368 | 306,132 |
| 14. Ciste Tréidliacha | B.3 | 15,921 | 19,566 | 14,020 |
| 15. Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | D.3,D.5 | 1,615 | 1,044 | 1,039 |
| 16. Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Iascaigh EAGGF) | D.3 | 750 | 919 | 1,050 |
| 17. Plean Forbartha Náisiúnta - Fáltais struchtúrtha (2000-2006) | C.7 | 2,000 | 3,316 | —- |
| 18. Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | C.7 | 100 | 249 | 234 |
| 19. Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | A.5,A.7,A.8, C.8 | 100 | 120 | 144 |

| | Fotheideal | 2011 Measta | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 20. Aisghabhail AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | | 1 | 379 | 1,102 |
| 21. Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | | 412 | 689 | 387 |
| 22. Fáltais FIFG AE (dobharshaothrú agus forbairt) | | 1 | —- | —- |
| 23. EFF (Iascaigh) 2007-2013 | | 5,000 | —- | 20,590 |
| 24. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 16,836 | 19,199 | 19,072 |
| **Iomlán** | | 373,892 | 429,883 | 401,374 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta tar éis aon choigeartú meastacháin fhorlíontaigh de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 2. | (735) | Níor soláthraíodh ach do shuim ainmnithe de bharr nádúr guagach na bhforghéillte ar urrúis ceadúnas. |
| 4. | (405) | Bhí an t-ioncam ó tháillí níos airde ná mar a bhí measta de bharr go raibh onnmhairiú bó-ainmhithe níos airde ná mar a bhí súil leis nuair a leagadh an meastachán amach. |
| 5. | (685) | Próiseáladh méid níos airde bainne i 2011 agus mar sin bailíodh níos mó táillí ná mar a bhí measta. |
| 6. | (307) | Bhí an leibhéal samplaí a cuireadh ar aghaidh chuig saotharlanna na Roinne lena dtástáil níos airde ná mar a bhí tuartha mar gheall ar bhéim níos mó a bheith ar ghalair cheantracha. |
| 8. | (780) | Bailíodh níos mó tobhach galair ó fheirmeoirí ná mar a bhí súil leis de bharr an líon níos airde bainne a táirgeadh agus eallach a maraíodh le linn na bliana. |
| 10. | (2,452) | Chuir asbhaintí aoisliúntais foirne atá infhaighte anois ó roinnt de na gníomhaireachtaí stáit faoi réimse freagrachta an fhotheidil seo leis an bhfarasbarr. |
| 11. | 205 | D'eascair an líon níos lú fáltas ón easpa ceannacháin táirgí bainne nó eorna trí idirghabháil, ach rinneadh sin a fhritháireamh i bpáirt ag an leibhéal níos airde costas forchúitimh chun stoic púdar bainne bhearrtha a bhaint amach as idirghabháil. |
| 12. | (1,085) | Ní féidir an toradh ó ghlanadh an chuntais EAGF a réamh-mheas agus ní dhearnadh ach soláthar ainmniúil. |
| 13. | (46,368) | Bhí fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ann mar gheall ar fhorchúiteamh luathaithe i ndáil le caiteachas EAFRD. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú a bhí coinnithe ar fionraí, a d'eascair as airleacan comhaoinithe AE faoin gclár forbartha tuaithe 2007-13, ar ais mar leithreas-i-gcabhair. |
| 14. | (3,645) | Fuarthas €3.6m i 2011, a coinníodh siar ó éileamh 2010 faoin gclár TB ar feitheamh thoradh ó iniúchadh AE. |
| 15. | 571 | Léiríonn an toradh gur ghlac níos lú daoine nár mar a bhíothas ag súil leis an scéim baile scoile. |

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 16. | (169) | I bhfianaise nádúr an tionscail agus luaineacht choibhneasta an tsoláthair agus an éilimh, tá sé deacair meastachán cruinn a dhéanamh roimh ré maidir leis an nglacadh le scéimeanna idirghabhála margaidh éisc agus dá bharr sin na suimeanna is féidir a fháil ar ais ón EAGF. |
| 17. | (1,316) | Is é atá i gceist leis an tsuim a fuarthas ná an iarmhéid deiridh dheireanach 5% faoin gCiste EAGGF. Níorbh fhéidir ionú na bhfáltas a thuar. |
| 18. | (149) | Bíonn athraitheas sna fáltais ó fhíneálacha, ag brath ar an leibhéal braith, an líon cásanna cúirte a chuirtear i gcrích agus an leibhéal fíneálacha agus forghéillte a chuirtear i bhfeidhm. |
| 20. | (378) | Ní dhearnadh soláthar d'aisíocaíocht faoin teideal seo sa mheastachán bunaidh de bharr go mbraitheann fáltais ar an maoiniú ar fáil agus ar oiriúnacht tionscadal. |
| 21. | (277) | Billí táillí ceadúnais a chur amach níos luaithe agus bailiúchán riaráistí le linn na bliana ba chúis leis an athraitheas. |
| 23. | 5,000 | Níor dheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-éileamh a cuireadh ar aghaidh in am chun an aistarraingt maoinithe a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana. |
| 24. | (2,363) | Bhí sé deacair an leibhéal tobhaigh ioncaim a mheas mar gheall ar na hathruithe leanúnacha ar an líon ball foirne sa Roinn agus sna gníomhaireachtaí faoina réimse freagrachta. |

**4.2 Fáltais Bhreise le hÍoc leis an Státchiste**

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ciste pinsin Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath | 11 | 11 |
| Airgead Coinsiasa | 1 | —- |
| Géilleadh na n-iarmhéid ó chuntas fionraí | 164 | 350 |
| Costais dlí | 20 | 35 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne | 782 | —- |
| Táillí Dlí a aisíoc | 4 | —- |
| Géilleadh deonach ar phá | 8 | 9 |
| Iomlán | 990 | 405 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 3,525 | 3,632 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 174,515 | 179,716 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 1,813 | 1,831 |
| Liúntais eile | 1,291 | 1,189 |
| Ragobair | 3,625 | 3,941 |
| ÁSPC an Fhostóra | 8,573 | 8,354 |
| **Pá iomlán** | 189,817 | 195,031 |

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochta Ragoibre

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 599 | 10 | 20,614 | 20,277 |
| Liúntais eile | 596 | 20 | 20,642 | 20,178 |
| Ragobair | 865 | 97 | 46,771 | 39,843 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Íocadh socruithe as an gcúirt de €35,000 an ceann le beirt bhall foirne le linn na bliana.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €27,000 le ball foirne amháin mar shocrú éilimh.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €2,500 le beirt bhall foirne nuair a d'ionsaigh daoine den phobal iad.

Íocadh €78,492 le státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhísigh, a athfhostaíodh ar bhonn táille. Bhí na táillí a íocadh ag teacht le prionsabail Acht na bPinsean (Laghdú), 1965.

Áirítear air sin €40,970 i ndáil leis an sciar neamh-ais-iníoctha de luach saothair oifigigh ar iasacht chuig comhlacht ionadaíochta foirne.

Íocadh suim ar luach €58,122 maidir le pá téarfa do sheisear fostaithe i 2011.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Chuir rialachán Uimh. 1290/2005 ón gComhairle (CE) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (EARDF) i láthair le héifeacht ó bhliain bhuiséid AE 2007 (16 Deireadh Fómhair 2006 – 15 Deireadh Fómhair 2007). Déanann an EAGF maoiniú ar íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus cómhaoiníonn an EAFRD bearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe cheadaithe. Tagann an EAGF agus an EAFRD in áit Cistí Treoraíochta agus Ráthaíocht Talmhaíochta an EAGGF faoi seach.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Áirítear ar fotheidil C. agus D., caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE tríd an EAFRD. Áirítear ar fotheideal B. chomh maith caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Tréidliachta an AE. Áirítear ar fotheideal C. caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE tríd an Ionstraim Airgeadais do Threoir Iascaigh, 2000-2006 (FIFG) agus an gCiste Iascaigh na hEorpa, 2007-2013 (EFF).

Áirítear ar an gCuntas ús de €4.268 milliún a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €673 milliún a fuarthas ar iasacht in 2010 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Áisíocadh na hiasachtaí in 2011 mar aon le hús.

Fuarthas €720 milliún ar iasacht i gcistí gearrthréimhseacha in 2011 chun caiteachas Ráthaíochta a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht AE in 2012.

Tá soláthar déanta, faoi mar a sracrianaíodh i nóta 6.4, d'ábhar dliteanais todhchaí arbh fhéidir go n-eascróidís as aisíocaíocht mhaoinithe airleacain EAFRD a fuarthas ón AE.

**Fáltais maidir le caiteachas atá maoinithe ag an AE arna mbainistiú ag ráthaíocht EAGF na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (bearta lánmhaoinithe ag an AE)**

| Cur síos | 2011 Toradh €m | 2010 Toradh €m |
|---|---|---|
| Scéim Íocaíochta Aonair (lena n-áirítear Aisíocaíocht Mhodhnaithe) | 1,316 | 1,145 |
| Caoirigh fhéaraigh, éifeachtúlacht déiríochta, beatha Bhoirne (Rialachán AE 73/2009 Airteagal 68 bearta) | 23 | —- |
| Aisíocaíochtaí onnmhairithe | 3 | 9 |
| Idirghabháil | 36 | 3 |
| Eile | (2) | —- |
| **Fáltais cómhaoinithe (beartha cómhaoinithe ag an AE)[1]** | | |
| **Talmhaíocht** | | |
| Clár forbartha tuaithe EAFRD 2007-2013 | 346 | 306 |
| Ciste tréidliachta | 20 | 14 |
| Idirghabháil mhargaidh | 1 | 2 |
| Fáltais cómhaoinithe eile | 5 | 2 |
| **Iascaigh** | | |
| FIFG - forbairt dobharshaothraithe/forbairt iascaigh | 1 | 23 |
| | 1,749 | 1,504 |

[1]Níl ach cómhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

## 6.2 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas faoi chead leithroinnt na Roinne Airgeadais:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Scéim um luathscor ó heirmeoireacht | 265,949 | 674,864 |
| Scéimeanna foraoisithe | 221,837 | 29,792 |
| Ró-íocaíocht tuarastail le ball foirne (ar scor anois) | 1,414 | —- |
| Iarbhlianacht Choimisiún na Talún | 75,834 | —- |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha miscellaneous agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe | 84,930 | —- |
| An scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath | —- | 1,142 |
| Cáin na gConarthaí Ábhartha nár aisghabhadh | —- | 50,748 |
| Ordú gan líonadh mar gheall ar leachtú soláthróra | —- | 32,960 |

## 6.3 Costais Dlí agus Cúiteamh

Íocadh costais €43,205 tar éis éilimh díobhála pearsanta a rinne duine nach fostaí é.

Íocadh dámhachtain agus costais dlí arb ionann iad agus €180,000 tar éis éisteachta san Ard-Chúirt maidir le cás faoi leas ainmhí.

Íocadh costais dhlíthiúla ar luach iomlán €336,489 a d'eascair dhá chaingean Ard-Chúirte i gcásanna a bhaineann le cúrsaí iascaigh.

Íocadh costais dlí €82,611 ag eascairt as éisteacht san Ard-Chúirt i ndáil le héileamh faoin Scéim Luathscoir.

Íocadh socrú lasmuigh den chúirt agus costais ghaolmhara dlí de €126,300 in iomlán i ndáil le héileamh a rinneadh faoi na Scéimeanna Galair a Dhíothú.

## 6.4 Dliteanas Teagmhasach

Chuir an clár EAFRD faoi Rialachán 1290/2005 Airteagal 25 7% de mhaoiniú airleacain ar an gClár iomlán ar fáil. Íocadh é in dhá thráthchuid i 2007 agus 2008. B'ionann sin agus €147m de mhaoiniú airleacain don Roinn ar a tugadh fáltas mar leithreasaí-i-gcabhair sna blianta sin. Ní mór an maoiniú airleacain sin a chuntasú faoi dheireadh an Chláir. D'fhéadfadh dliteanais a bheith ann, go dtí luach an airleacain, ag brath ar an gcaiteachas deiridh don chlár, a mbeidh deireadh leis i 2013. Tá an difríocht idir luach an mhaoinithe airleacain agus an caiteachas incháilithe arna dhearbhú amhail an 31 Nollaig 2011 á cur ar fáil ag an Roinn i gcuntas ar fionraí. €32m an luach atá coinnithe ar fionraí.

## 6.5 Deontais un Chabhair Bia

Is é atá sa chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn anníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíónn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €8.436m a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2011 (2010: €8.436m).

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €1.524m a bhí i rannchuidiú na hEireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2011 (2010: €1.524m).

## 6.6 Íocaíochtaí Ex-Gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,234,000 san iomlán le 132 heagraíochtaí leasa ainmhithe.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €11,458,414 san iomlán le 17,569 iarrthóir faoin scéim bainistithe dramhaíola feirme, ar íocadh a deontais ar bhonn céimnithe de bhun socraithe rialtais.

## 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Suimeanna na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don tréimhse go 31 Nollaig 2011

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2011 | —- | —- |
| Fáltais (focheann A.) | 57,290 | 59,264 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (45,830) | (47,411) |
| Bord na gCon | (11,460) | (11,853) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011 | —- | —- |